Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11113/26**

**ECOFIN 903**
**UEM 307**
**SOC 432**
**EMPL 234**
**COMPET 847**
**ENV 823**
**EDUC 289**
**ENER 445**
**JAI 883**
**GENDER 120**
**JEUN 163**
**SAN 521**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Beilge |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 201 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Beilge**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

---

[1] Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj).

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.

(2) An 25 Samhain 2025, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár sainaithníodh inti go bhfuil an Bheilg ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina teannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[3], moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[4] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhonn eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha Bhallstáit an Aontais comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

---

3 IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.
4 IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

(4) In 2026, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[5]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 ar an mBeilg. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an mBeilg ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an mBeilg. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Beilge ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, laghdú na bochtaineachta agus laghdú an eisiata shóisialta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

---

5 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) An 20 Meitheamh 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Beilge[6]. Cumhdaítear leis an bplean an tréimhse ó 2025 go dtí 2029 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach i gcaitheamh 7 mbliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 3,6 % in 2025, 2,5 % in 2026, 2,5 % in 2027, 2,1 % in 2028 agus 2,1 % in 2029, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2024, mar atá 3,6 % in 2025, 6,1 % in 2026, 8,8 % in 2027, 11,1 % in 2028 agus 13,4 % in 2029. Maidir leis na blianta 2025-2029, beidh uasrátaí fáis sin an ghlanchaiteachais ag teacht leis an gconair cheartaitheach, mar a mhol an Chomhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE an 20 Meitheamh 2025, d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh[7]. Ar bhonn mheasúnú an Choimisiúin ar ghníomhaíocht éifeachtach an 3 Meitheamh 2026[8], tá an nós imeachta um easnamh iomarcach don Bheilg ar stad.

---

6 Moladh ón gComhairle an 20 Meitheamh 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Beilge (IO C, C/2025/3698, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3698/oj).

7 Moladh ón gComhairle d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa Bheilg, arna ghlacadh an 20 Meitheamh 2025. Is féidir teacht ar na doiciméid uile a bhaineann le nós imeachta na Beilge um easnamh iomarcach ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-governance-framework/stability-and-growth-pact/corrective-arm-excessive-deficit-procedure/excessive-deficit-procedures-overview/Belgium_en.

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, Seimeastar Eorpach 2026 – Pacáiste an Earraigh, COM(2026) 200 final.

(7) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach[9] agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Tar éis iarraidh a fháil ón mBeilg, an 8 Iúil 2025, agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena gceadaítear don Bheilg imeacht ó uasrátaí fáis molta an ghlanchaiteachais[10]. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), beidh an Bheilg in ann tosaíocht a thabhairt an athuair do chaiteachas rialtais nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas níos airde go marthanach ar an gcosaint.

(8) An 30 Aibreán 2026, chuir an Bheilg a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn do 2026[11] isteach, tuarascáil maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh, maidir le cur chun feidhme na sraithe athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Beilge i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241. Tá an tuarascáil ar ghníomhaíocht a rinneadh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach comhtháite sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn.

---

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, 19.3.2025, C(2025) 2000 final.

[10] Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don Bheilg imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú), (IO C, C/2025/3960, 20.08.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3960/oj).

[11] Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.

(9) In 2025, ba é 1,0 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 3,0 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 0,7 % in 2026 agus faoi 0,9 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 3,4 % ann in 2026 agus 2,6 % in 2027.

(10) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[12], tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na Beilge ó easnamh 4,4 % de OTI in 2024 go heasnamh 5,2 % de OTI in 2025. Léiríonn an méadú ar an easnamh in 2025 den chuid is mó ioncam ó chánacha díreacha níos ísle, go háirithe ó chorparáidí, agus caiteachas níos airde ar an gcosaint. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 5,2 % de OTI in 2026 agus 5,4 % de OTI in 2027. D'ainneoin bearta comhdhlúthaithe chun srian a chur ar an gcaiteachas reatha agus fás carnach glanchaiteachais faoi bhun an uasmhéid mholta, meastar nach gcobhsóidh an t-easnamh in 2026 ach amháin mar gheall ar fhás eacnamaíoch lag agus méadú ar íocaíochtaí úis. Is éard a léirítear go príomha leis an méadú ar an easnamh in 2027 caiteachas níos airde ar an gcosaint agus íocaíochtaí úis.

(11) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[13], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid chrapthach ann in 2025, faoi 0,3 % de OTI. Réamh-mheastar go mbeidh staid chrapthach ann in 2026 agus 2027 araon, faoi 0,8 % agus 0,6 % de OTI, faoi seach.

---

12 Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

13 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an acmhainneacht fáis mheántéarmaigh agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

(12) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[14], tháinig méadú ar fhiachas rialtais ghinearálta na Beilge ó 103,9 % de OTI ag deireadh 2024 go 107,9 % de OTI ag deireadh 2025. Léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais in 2025 den chuid is mó an t-easnamh príomhúil ard (+ 2,9 pointe céatadáin), éifeacht charnach fhabhrach (-1,3 pointe céatadáin) agus coigeartú sreabhaidh i leith stoic lena méadaítear fiachas (+ 2,3 pointe céatadáin). Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go méadóidh an cóimheas idir fiachas agus OTI go 110,5 % faoi dheireadh 2026 agus go méadóidh sé a thuilleadh go 112,8 % faoi dheireadh 2027. Léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais in 2026 agus 2027 na heasnaimh phríomhúla arda den chuid is mó, agus fritháiríonn an éifeacht charnach fhabhrach agus na coigeartuithe sreabhaidh i leith stoic lena méadaítear fiachas a chéile.

(13) Ar bhonn shonraí Eurostat[15], 1,4 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na Beilge ar an gcosaint in 2025, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 0,5 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid leis an mbliain thagartha 2021. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh sé ag 1,6 % de OTI in 2026, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 0,7 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021[16].

---

14 Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

15 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

16 Tá sainmhíniú ECAT ar chaiteachas cosanta éagsúil leis an sainmhíniú atá ag COFOG ar chosaint. Thairis sin, d'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann i ngeall ar am taifeadta an chaiteachais, go háirithe maidir le trealamh míleata, ós rud é nach leanann tuairisciú ECAT rialacha na gcuntas náisiúnta maidir le ham an taifeadta.

(14) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá bearta beartais fhioscaigh glactha ag an mBeilg chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh a mhaolú[17]. Áirítear orthu sin beart neamh-spriocdhírithe chun costais bhreosla níos airde a chúiteamh trí chreidmheas cánach do ghnólachtaí a mhéadaíonn a liúntas míleáiste d’fhostaithe agus beart spriocdhírithe chun costais téimh níos airde do theaghlaigh leochaileacha a chúiteamh. Meastar go dtiocfaidh deireadh leis na bearta sin an 1 Iúil 2026. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh costas fioscach na mbeart sin níos lú ná 0,1 % de OTI in 2026, fiú amháin má chuirtear síneadh leis na bearta sin go dtí deireadh na bliana freisin.

(15) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d’fhás an glanchaiteachas sa Bheilg faoi 3,7 % in 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,1 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Mar sin féin, tá an diall laistigh den tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta, agus an méadú ar an gcaiteachas cosanta á chur san áireamh.

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Bheilg faoi 2,0 % in 2026 agus gur fás carnach 5,8 % a bheidh ann in 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 faoi bhun an uasráta fáis a moladh. Agus 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh freisin.

[17] Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

(17) Leis an moladh lena bhformhuinítear plean meántéarmach na Beilge, sonraítear an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, mar aon le hamlíne chun iad a chur chun feidhme. Agus an fhaisnéis arna soláthar ag an mBeilg ina Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn á cur san áireamh, measann an Coimisiún gur cosúil go bhfuil cur chun feidhme phríomhchéimeanna na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí sin a bhí dlite faoin 30 Aibreán 2026 ar an mbóthar ceart den chuid is mó. Mar sin féin, cuireadh moill ar chur chun feidhme roinnt athchóirithe. Is é sin, ghlac an Pharlaimint an t-athchóiriú pinsean an 28 Bealtaine 2026. Tá na hathchóirithe cánach, atá dlite in R1-2026, curtha chun feidhme go páirteach agus meastar go dtabharfar na codanna eile chun críche faoi mhí Iúil 2026. An dá athchóiriú chun feabhas a chur ar an gcomhordú buiséadach idir leibhéil éagsúla rialtais, atá dlite in R4-2025, comhaontaíodh iad den chuid is mó ar leibhéal an rialtais agus ní mór iad a reachtú anois, agus tá coinne leis go dtabharfar i gcrích iad faoi dheireadh 2026. Measann an Coimisiún gur chomhlíon an Bheilg a gealltanais ar bhealach sásúil ar an iomlán[18].

[18] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, Seimeastar Eorpach 2026 – Pacáiste an Earraigh, COM(2026) 200 final.

(18) Tá rioscaí arda maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach roimh an mBeilg sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Tá gá le straitéis fhioscach chuimsitheach chun an fiachas poiblí a chur ar chonair anuas, agus athchóirithe á saothrú ag an am céanna chun an acmhainneacht fáis a neartú. B'ionann an caiteachas poiblí sa Bheilg agus 54,2 % de OTI in 2025, agus é sin i measc na leibhéal is airde san Aontas. Caiteachas poiblí atá ard i gcónaí sa Bheilg, lena n-éilítear ualach ard cánach foriomlán, bíonn tionchar aige ar éifeachtúlacht eacnamaíoch. Tá gníomhaíocht bheartais ilroinnte ar fud leibhéil éagsúla an rialtais (bardais, cúigí, réigiúin agus pobail, an leibhéal feidearálach) sa Bheilg. Baineann dáileadh casta inniúlachtaí agus riosca dúblála lena gcómhaireachtáil, rud a fhágann go mbíonn costais riaracháin iomarcacha ann, gan gá le feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí poiblí a sholáthraítear. Mar gheall ar easpa comhordaithe éifeachtaigh idir-fheidearálaigh, bíonn sé casta beartais agus athchóirithe áirithe a chur i gcrích agus bíonn neamhéifeachtúlachtaí ag baint le bainistiú na hinfheistíochta poiblí. Mar thoradh air sin, éilíonn airgeadas poiblí inbhuanaithe sa Bheilg gníomhaíocht chinntitheach maidir le caiteachas poiblí, ó thaobh a leibhéil, a chomhdhéanaimh agus a éifeachtúlachta foriomláine de. Is é tabhairt isteach athbhreithnithe caiteachais ar an leibhéal feidearálach agus ar leibhéal an eintitis chónasctha (réigiúin agus pobail) an chéad chéim chun cáilíocht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú, ach tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun acmhainní poiblí a dhíriú ar bheartais atá fabhrach don fhás. Trí struchtúir rialtais a chuíchóiriú, inniúlachtaí a shoiléiriú agus comhordú idir-fheidearálach a threisiú, d'fhéadfaí rannchuidiú le héifeachtúlacht eacnamaíoch níos fearr, agus spás fioscach á chur ar fáil ag an am céanna.

(19) De réir Thuarascáil 2024 ón gCoimisiún maidir le hAosú[19], is iad pinsin agus caiteachas cúraim fhadtéarmaigh na príomhchúiseanna le méadú réamh-mheasta thart ar 5 phointe céatadáin de OTI ar chaiteachas a bhaineann le haosú faoi 2070, méadú atá i bhfad níos airde ná meán an Aontais de 1,4 pointe céatadáin. Leis an athchóiriú leanúnach ar phinsin, meastar go dtiocfaidh laghdú 1,6 pointe céatadáin ar an méadú réamh-mheasta ar chaiteachas pinsin idir 2024 agus 2070. Mar sin féin, bheadh an Bheilg fós ar cheann de na tíortha san Aontas leis an gcaiteachas poiblí is airde ar chúram fadtéarmach, arb arbh fhiú 2,3 % de OTI in 2022 é (meán an Aontais: 1,7 %). Faoi 2070, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 1,7 pointe céatadáin de OTI ar chaiteachas cúraim fhadtéarmaigh, i gcomparáid le meánmhéadú 0,8 pointe céatadáin san Aontas, rud a chuirfidh leis na rioscaí fadtéarmacha maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach. De réir na sonraí atá ar fáil tá an líon daoine atá neamhspleách nó beagán spleách ar chúram agus a bhfuil cónaí orthu i saoráidí cúraim cónaithe ard i Réigiún na Bruiséile agus sa Vallúin, ach tá sé ag laghdú le deich mbliana anuas. Tá bearta á ndéanamh ag na réigiúin chun úsáid na suíomhanna cúraim éagsúla a dhéanamh níos costéifeachtaí, cé go bhfuil formhór na mbeart teoranta ó thaobh raon feidhme de nó ag céim luath. Tugtar le fios leis sin go bhféadfaí costéifeachtúlacht an chúraim a fheabhsú a thuilleadh, lena n-áirítear trí bhearta a neartú chun ró-úsáid cúraim chónaithe a dhíspreagadh agus trí sheirbhísí pobalbhunaithe a fheabhsú.

(20) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

---

[19] An Coimisiún Eorpach agus an Coiste um Beartas Eacnamaíoch, An Tuarascáil um Aosú, 2024, le fáil ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/2024-ageing-report-economic-andbudgetary-projections-eu-member-states-2022-2070_en.

(21) Sa Bheilg, maidir le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, lena gcuimsítear Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) agus Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), tá dul chun cinn maith á dhéanamh go háirithe maidir le roghnú tionscadal. Mar sin féin, tá sé tábhachtach dlús a chur leis na hiarrachtaí chun a áirithiú go gcuirfear tionscadail roghnaithe i gcrích go tapa, go háirithe chun dlús a chur leis an gcaiteachas ar leibhéal an tairbhí, agus a dtionchar ar an láthair a uasmhéadú ag an am céanna. Tá an Bheilg ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. An tráth céanna, ní mór don Bheilg dlús a chur le cur chun feidhme an CUAC toisc go bhfuil acmhainní le heisíoc faoi dheireadh 2026. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an Bheilg ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma[20], tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a chur in úsáid go tapa agus go héifeachtach.

(22) Tá roinnt dúshlán le sárú ag an mBeilg a bhaineann leis an nuálaíocht, an timpeallacht ghnó, an t-ualach agus an chastacht rialála agus riaracháin, srianta rialála san earnáil seirbhísí, dícharbónú na tionsclaíochta agus an iompair, rolladh amach foinsí fuinnimh in-athnuaite, fóirdheontais do bhreoslaí iontaise, cáilíocht uisce agus sil-leagan iomarcach nítrigine, ganntanas lucht saothair agus mímheaitseálacha scileanna, imeascadh grúpaí faoi mhíbhuntáiste sa mhargadh saothair, an córas oideachais agus gairm na múinteoireachta.

[20] Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(23) D'ainneoin tionscnaimh simpliúcháin arna ndéanamh ag gach leibhéal rialtais, tá ualach ard rialála agus ardleibhéal castachta riaracháin fós ag cur isteach ar thimpeallacht ghnó na Beilge. Thairis sin, dá mbainfí úsáid níos córasaí as measúnuithe tionchair agus dá mbeadh rochtain níos fearr ar shonraí, chuirfí feabhas ar cháilíocht an cheaptha beartas. Tá ualach trom riaracháin ar ghnólachtaí, go háirithe maidir le rialachán fostaíochta, slándáil shóisialta agus costais oibríochtúla. Tá srianta suntasacha ar chuideachtaí a bhíonn ag plé le córais réigiúnacha éagsúla nó ar gá dóibh ceadanna gnó a fháil chun a ngníomhaíocht a fhorbairt. Is iad na húdaráis fheidearálacha, réigiúnacha agus áitiúla a láimhseálann ceadanna, rud a fhágann go bhfuil an próiseas casta, ilroinnte agus costasach. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás ceadanna tógála, rud a bhfuil tionchar diúltach aige ar earnáil na tógála agus as a n-eascraíonn ganntanas tithíochta agus moilleanna ar thionscadail bhonneagair. Tá easpa acmhainní agus neamhéifeachtúlacht an chórais ceartais, a mbíonn riaráiste seasta agus nósanna imeachta malla mar thoradh orthu, fós ag cur isteach ar an earnáil ghnó. Thairis sin, tá na srianta i roinnt gairmeacha rialáilte fós ard, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar ghníomhaíocht ghnó trasteorann nó bacainní iontrála a chruthú do ghnólachtaí. Tá rialacháin dhochta nó bacainní eile ar iontráil i bhfeidhm freisin maidir le soláthar trasteorann seirbhísí, amhail an earnáil mhiondíola agus in earnáil an fhuinnimh, rud a d'fhéadfadh teorainn a chur leis an iomaíocht.

(24) Ina theannta sin, tá an dinimiceas gnó sa Bheilg ar cheann de na leibhéil is ísle san Aontas[21]. Cé go bhfuil sciar na ngnólachtaí nua sa Bheilg ar aon dul leis an sciar sna tíortha comharsanachta, tá sciar na ngnólachtaí ardfháis (gnólachtaí atá ag méadú) go mór faoi bhun mheán an Aontais (0,25 % i gcomparáid le 0,79 %). I measc na mbacainní a chuireann cosc ar ghnólachtaí nuathionscanta na Beilge uas-scálú a dhéanamh, tá costais arda saothair agus faoiseamh cánach atá spleách ar mhéid[22]. Ina measc sin, fuarthas amach nach raibh an fóirdheontas fostóra céaduaire éifeachtach chun borradh a chur faoi chruthú post inbhuanaithe agus fuarthas amach go raibh gnéithe cánach speisialta ann d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) (e.g. ráta laghdaithe cánach corparáide) chun fiontraithe a spreagadh ioncam saothair a ionchorprú agus a thiontú ina ioncam caipitil ('cuideachtaí bainistíochta'). D'fhéadfadh deacrachtaí rochtana ar mhaoiniú le linn na céime uas-scálaithe cosc a chur ar ghnólachtaí fás freisin. Is amhlaidh atá go háirithe ós rud é nach bhfuil margaí le haghaidh caipiteal fiontair agus fáis forbartha go forleathan. Dá ndéanfaí rialacha cánach a chomhchuibhiú le haghaidh gach cineáil infheistíochta (lena n-áirítear le haghaidh infheistíochtaí maoine dochorraithe, táirgí pinsin, cuntais choigiltis, cuntais urrús), d'fhéadfaí infheistíochtaí cothromais a dhreasú.

[21] Banc Náisiúnta na Beilge, Táscairí an Scórchláir Iomaíochais, tuarascáil 2024.
[22] Bijnens, G. (2025) *Reigniting growth: trends and challenges for business dynamism in Belgium*.Athbhreithniú Eacnamaíoch NBB.

(25) Cé go bhfuil an Bheilg ar cheann de cheannairí nuálaíochta an Aontais agus go bhfuil ardleibhéal déine T&F aici (3,36 % de OTI in 2024, i measc na leibhéal is airde san Aontas), tá gníomhaíocht T&F na Beilge dírithe ar roinnt tionscal agus cuideachtaí móra, agus tá roinnt bacainní ann a chuireann bac ar scaipeadh na nuálaíochta ar fud an gheilleagair. Thairis sin, tá tionchar na hinfheistíochta T&F ar fhostaíocht agus ar an ngeilleagar teoranta i gcónaí sa Vallúin mar gheall ar thacaíocht ilroinnte ghnó agus éagsúlú eacnamaíoch neamhleor, cé go bhféadfadh roinnt athchóirithe leanúnacha an treocht a aisiompú. Ní théann na leibhéil arda faoisimh cánach T&F chomh fada le cuideachtaí a bhfuil an acmhainneacht fáis is airde acu. Chun feidhmíocht níos láidre sa nuálaíocht agus méadú marthanach táirgiúlachta a bhaint amach, bheadh gá leis an nuálaíocht a scaipeadh ar fud earnálacha agus gnólachtaí. Léirítear le staidéir[23] go bhfuil deis ann feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht na tacaíochta poiblí don taighde agus don nuálaíocht, go háirithe maidir le héifeachtaí plódaithe a sheachaint agus acmhainní a leithdháileadh ar ghnólachtaí ardfháis ar bhealach níos fearr. Thairis sin, leis an ráta íseal soghluaisteachta poist sa Bheilg, a d’fhéadfadh a bheith mar thoradh ar thosca amhail pá ard sinsearachta agus trédhearcacht íseal pá, cuirtear teorainn freisin le scaipeadh na nuálaíochta chuig an gcuid eile den gheilleagar.

(26) Cé go bhfuil an soláthar leictreachais ísealcharbóin (fuinneamh núicléach agus fuinneamh in-athnuaite) ag méadú i gcónaí, tá an Bheilg fós ag brath go mór ar allmhairí breosla iontaise (67,1 % de mheascán fuinnimh na Beilge). Níor leor feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh in 2024 chun leanúint den treocht anuas maidir le tomhaltas fuinnimh deiridh na Beilge a tugadh faoi deara ó bhí 2019 ann. Is é is cúis leis sin den chuid is mó an méadú atá ag teacht ar thomhaltas fuinnimh agus ar astaíochtaí na hearnála iompair. Tá gá le gníomhaíocht beartais níos uaillmhianaí freisin chun an stoc foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear tithíocht shóisialta, arb ionann í agus 33 % den tomhaltas fuinnimh náisiúnta. Mar gheall ar bhearta athchóirithe, tháinig laghdú ar thomhaltas fuinnimh chónaithe, ach níor leor iad chun spriocanna athchóirithe fadtéarmacha a bhaint amach.

---

[23] *OECD (2021a) R&D Tax Incentives: Belgium, 2020. Schoonackers, R. (2020) Tax incentives for R&D: Are they effective* [Dreasachtaí cánach le haghaidh T&F: an bhfuil siad éifeachtach?] Athbhreithniú Eacnamaíoch NBB agus ECFE (2024), Suirbhéanna Eacnamaíocha ECFE: An Bheilg, 2024.

(27) Cuireann costais arda leictreachais bac ar dhícharbónú breise an gheilleagair agus go háirithe dícharbónú na hearnála monaraíochta. Tar éis cánacha agus tobhach[24], cosnaíonn leictreachas beagnach ceithre huaire níos mó in aghaidh an aonaid ná gás do thionscail, rud atá ar cheann de na cóimheasa is airde san Aontas agus a chuireann bac ar an aistriú ó bhreoslaí iontaise go leictreachas. Cé go bhfuil sé beartaithe ag an rialtas dleachtanna máil ar leictreachas a laghdú, tá gá le gníomhaíocht bheartais éifeachtach chun tionscail a dhreasú chun aistriú chuig fuinneamh níos glaine. D'fhéadfadh conarthaí carbóin le haghaidh difríochta agus soláthar poiblí glas rannchuidiú leis an riosca infheistíochta a laghdú agus tionscail a dhreasú a thuilleadh chun dícharbónú a dhéanamh. Trí chleachtais an gheilleagair chiorclaigh a chothú, d'fhéadfaí an t-éileamh ar fhuinneamh tionsclaíoch agus an spleáchas ar allmhairí amhábhar criticiúil a laghdú freisin. Thairis sin, dá ndéanfaí infheistíocht i mbonneagar fuinnimh agus i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin, thacófaí le dícharbónú tionscal atá dian ar charbón agus ar deacair iad a mhaolú, go háirithe sa Vallúin agus i bhFlóndras, lena n-áirítear timpeall chalafort Antuairp, agus an t-iomaíochas á chaomhnú ag an am céanna.

(28) Rolladh amach foinsí fuinnimh in-athnuaite sa Bheilg, cé gur shroich sé 34,7 % de ghiniúint leictreachais in 2025, tá sé fós á choinneáil siar mar gheall ar acmhainneacht eangaí neamhleor, rud a bhí ar an bpríomhdhúshlán in aistriú fuinnimh na Beilge. Cé go bhfuil roinnt tionscadal bonneagair beartaithe chun an eangach leictreachais a threisiú, tá an dul chun cinn maidir le príomhnaisc mall, go háirithe mar gheall ar mhoill ar chinnteoireacht sa Vallúin agus saincheisteanna maidir le ceadúnú. Dlús a chur le huasghrádú an bhonneagair eangaí agus le nósanna imeachta deonaithe ceadanna, chuirfeadh an méid sin imscaradh na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite chun cinn. Ina theannta sin, dá ndéanfaí creataí dlíthiúla a choigeartú chun borradh a chur faoin infheistíocht i stóráil leictreachais agus sa fhreagairt ó thaobh éilimh de, agus comhroinnt fuinnimh a éascú trí himscaradh méadar cliste a dhreasú sa Bhruiséil agus sa Vallúin, d'fhéadfaí solúbthacht an tomhaltais fuinnimh a mhéadú agus d'fhéadfadh gnóthachain éifeachtúlachta fuinnimh a bheith i gceist.

[24] Cumhdaítear le cánacha agus tobhaigh cánacha breisluacha, dleachtanna máil, ranníocaíocht fuinnimh fheidearálach, formhuirear amach ón gcósta, muirir atá nasctha le slándáil an tsoláthair agus sásraí acmhainneachta, deimhnithe glasa, tobhaigh CTÉ, muirir oibleagáide seirbhíse poiblí, tobhaigh tacaíochta in-athnuaite, maoiniú taraife sóisialta, costais oibleagáide éifeachtúlachta fuinnimh.

(29) Tomhaltas fuinnimh deiridh na Beilge atá ag dul i méid, is é is cúis leis sin den chuid is mó an méadú atá ag teacht ar thomhaltas fuinnimh agus ar astaíochtaí na hearnála iompair, go háirithe in earnáil na heitlíochta idirnáisiúnta, san earnáil muirí agus san earnáil lasta de bhóthar[25]. Níl an t-iompar d'iarnród tarraingteach go leor, do na paisinéirí ná don iompar lasta, agus tá méadú leanúnach tagtha ar an líon gluaisteán paisinéirí, rud a fhágann go bhfuil costais arda brú tráchta ann. Tháinig maolú le déanaí ar an sciar de dhíolacháin iomlána gluaisteán ar gluaisteán leictreacha iad, b'fhéidir mar gheall ar an easpa bonneagair luchtaithe sa Vallúin. Trí dhlús a chur le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh, tacú le leictriú agus le táirgeadh agus le himscaradh breoslaí inbhuanaithe don earnáil eitlíochta agus don earnáil muirí, d'fhéadfaí dlús a chur le dícharbónú na hearnála iompair. Thairis sin, dá mbeadh muirearú bóithre difreáilte ann do gach cineál feithicle, dá ndéanfaí tuilleadh infheistíochta san iompar poiblí, sa bhreis ar na hinfheistíochtaí a áirítear i bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Beilge, agus dá gcuirfí roinnt gluaisteáin agus soghluaisteacht ghníomhach chun cinn, bheadh an t-iompar níos inbhuanaithe.

25 Iompar an Aontais i bhfigiúirí: Leabhar póca staidrimh, 2024.

(30) Mheas údaráis na Beilge[26] gur 2,4 % de OTI a bhí i bhfóirdheontais dhíreacha fheidearálacha breosla iontaise in 2022, agus gan plean maidir le céimniú amach roimh 2030 ag go leor acu. Go háirithe, maidir le fóirdheontais breosla iontaise nach dtéann i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh ar bhealach spriocdhírithe ná le fíorábhair imní maidir le slándáil fuinnimh, a chuireann bac ar leictriú agus nach bhfuil ríthábhachtach don iomaíochas tionsclaíoch, d'fhéadfaí a mheas gur tosaíocht é iad a chéimniú amach. Maidir leis na fóirdheontais breosla iontaise amhail dleachtanna máil laghdaithe ar dhíosal gairmiúil, cártaí breosla do chuideachtaí agus CBL laghdaithe ar ghás, níl siad éifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de agus buanaíonn siad an spleáchas ar bhreoslaí iontaise. Le dleachtanna máil laghdaithe ar ola téimh agus ar ghás, laghdaítear a gcostas i gcomparáid le leictreachas, rud a chuireann bac ar an aistriú chuig córais téimh níos glaise agus a chuireann bac ar athchóiriú fuinnimh foirgneamh. Ós rud é go bhfuil an baol ann nach mbainfidh an Bheilg a spriocanna athchóirithe agus éifeachtúlachta fuinnimh amach le haghaidh 2030, dá gcuirfí dlús leis an infheistíocht in athchóirithe fuinnimh agus dá gcomhlánófaí infheistíocht le hathchóirithe beartais chun na dreasachtaí a aistriú chuig athchóiriú fuinnimh agus réitigh téimh ísealcharbóin, agus cothroime á cosaint ag an am céanna, chuideofaí le dlús a chur leis an aistriú fuinnimh. Cé gur fógraíodh aistriú ó dhleachtanna máil chuig breoslaí iontaise do theaghlaigh, níltear cinnte an leor an t-aistriú sin chun praghsanna coibhneasta an leictreachais agus na mbreoslaí iontaise a athrú tapa go leor chun spriocanna 2030 a bhaint amach.

(31) Is dúshlán iad cáilíocht an uisce agus díghrádú an dúlra, ós rud é go ndéanann truailliú ó fhoinsí idirleata difear d'fhormhór na ndobharlach sa Bheilg. Sa diantalmhaíocht, go háirithe feirmeoireacht stoic, scaoiltear méideanna móra truailleán aeir, ithreach agus uisce. Cé gur fíor go ndearnadh bearta, bíonn táirgeadh leictreachais, an earnáil miotal agus táirgeadh ceimiceán fós ina gcúis le truailliú freisin. Le leibhéil na bithéagsúlachta atá ag meath, cuirtear earnálacha eacnamaíocha atá ag brath go mór ar sheirbhísí éiceachórais i mbaol. Tá réitigh dhúlrabhunaithe ríthábhachtach chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fhorbairt agus chun an geilleagar a chosaint ar thionchair teagmhas adhaimsire. Cé gur ghlac Rialtas Fhlóndras an seachtú clár gníomhaíochta athbhreithnithe maidir le níotráití, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun sil-leagan iomarcach nítrigine a laghdú agus chun an fheirmeoireacht a dhéanamh níos inbhuanaithe.

[26] FPS Finance (2024), Fardal na bhfóirdheontas feidearálach breosla iontaise.

(32) Tá ráta fostaíochta íseal ag an mBeilg (72,8 % i gcomparáid le 76,1 % san Aontas ar an meán) agus tá éagsúlacht mhór sna rátaí fostaíochta idir na réigiúin. Tá rannpháirtíocht grúpaí daoine faoi mhíbhuntáiste i margadh an tsaothair íseal, i.e. daoine a mbaineann cúlra imirceach leo, daoine ar bheagán oideachais, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas. In 2025, ghlac an Bheilg athchóirithe móra ar an margadh saothair, lena n-áirítear srian 2 bhliain a chur le fad na sochar dífhostaíochta. Mar sin féin, beidh a dtionchar ag brath ar éifeachtacht na mbeartas gníomhachtúcháin saothair a ghabhann leo. Thairis sin, tá deis ann feabhas a chur ar éifeachtacht na mbeart chun cabhrú le grúpaí faoi mhíbhuntáiste a chomhtháthú i margadh an tsaothair agus chun éifeachtúlacht na seirbhísí poiblí fostaíochta a fheabhsú. Ba cheart go gcuideodh sé sin freisin le dul i ngleic leis an ráta ard daoine i dteaghlaigh (ghar-)dhífhostaithe agus aghaidh a thabhairt ar dhifríochtaí i dtorthaí mhargadh an tsaothair ar fud réigiún agus grúpaí. An tráth céanna, cé gur tháinig laghdú seasta air le linn 2025, tá an ráta folúntas sa Bheilg fós go daingean os cionn mheán an Aontais (3,8 % i gcomparáid le 2,1 % in 2025). Tá ganntanais saothair agus scileanna fós an-ard in earnáil na seirbhísí, agus in earnálacha gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla, agus in earnálacha amhail cúram sláinte, foirgníocht agus TFC, ar earnálacha iad uile atá tábhachtach don iomaíochas amach anseo, lena n-áirítear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. D’fhéadfadh uas-sciliú agus athsciliú mímheaitseálacha scileanna a laghdú, ach tá rannpháirtíocht daoine fásta san oideachas nó san oiliúint íseal (34,9 % in 2022; AE: 39,5 %), go háirithe i ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste.

(33) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimsí na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an mBeilg in 2026, d’fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(34) Tá meath fadtéarmach ag teacht ar fheidhmíocht oideachais leanaí agus daoine óga i mbunscileanna (litearthacht, matamaitic agus eolaíocht) i ngach ceann de na trí Chomhphobal (comhphobail na Pléimeannaise, na Fraincise agus na Gearmáinise), mar is léir ó mheasúnuithe idirnáisiúnta. Cé go bhfuil athchóirithe curaclaim ar mhórscála á gcur chun feidhme ag Comhphobail na Pléimeannaise agus na Fraincise lena ndírítear ar bhunscileanna, tá bearnaí oideachais fós ann a bhaineann le stádas socheacnamaíoch agus stádas imirce agus tá siad níos measa mar gheall ar luathshruthú isteach i rianta oideachais éagsúla agus athdhéanamh grád. Tríd an bhfoghlaim obairbhunaithe a mhéadú, d'fhéadfaí feabhas a chur ar ábharthacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna meánleibhéil don mhargadh saothair. Dá méadófaí an clárú san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (ETIM) agus sa teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) ar gach leibhéal, go háirithe i gcás mic léinn ar mná iad, d'fhéadfaí rannchuidiú le freastal ar éileamh mhargadh an tsaothair. Tá bearta á gcur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais múinteoirí, ach tá bacainní fós roimh mhúinteoirí sa Bheilg chun dul i mbun foghlaim ghairmiúil éifeachtach agus braitheann siad go bhfuil siad á meas faoina luach sa tsochaí. Tá an caiteachas poiblí ar an oideachas ar na leibhéil is airde san Aontas, arb ionann é agus 4.4 % de OTI don oideachas réamh-bhunscoile, bunscoile agus meánscoile. D'fhéadfadh sé sin a bheith bainteach le cóimheasa níos ísle mic léinn is múinteoirí i ngach Comhphobal agus le leibhéal níos airde athdhéanta grád agus le ham teagaisc atá faoin meán.[27] D'fhéadfaí éifeachtúlacht caiteachais a mhéadú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin struchtúracha dá rachfaí i ngleic le hilroinnt an chórais oideachais.

(35) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2026 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Beilge, cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an chéad mholta agus an dara moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (2) le cur chun feidhme an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (3) le cur chun feidhme an seachtú moladh agus an naoú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (4) le cur chun feidhme an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro agus cuidíonn moladh (5) le cur chun feidhme an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro.

---

27 ECFE (2024), *Education at a Glance 2024: OECD Indicators*, Foilseacháin ECFE, Páras, *How much time do teachers spend teaching and working?:Education at a Glance 2024 | ECFE*.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Bheilg in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Leanúint de chloí le huasrátaí fáis an ghlanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 20 Meitheamh 2025, d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach, agus úsáid á baint as an tsolúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta arna ghníomhachtú ag an gComhairle. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith leis an mbuiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir. A áirithiú gur beart sealadach a bheidh i mbearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus gur beart é atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. Leanúint den tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an tréimhse choigeartúcháin fhadaithe a chur chun feidhme, mar a mhol an Chomhairle an 20 Meitheamh 2025. Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí, struchtúir rialtais a chuíchóiriú agus comhordú idir-fheidearálach a threisiú. An córas cúraim fhadtéarmaigh a dhéanamh níos costéifeachtaí, agus rochtain ar chúram agus ar sheirbhísí á coinneáil inacmhainne ag an am céanna.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. Dlús a chur leis na hiarrachtaí chun cláir an bheartais comhtháthaithe a chur chun feidhme, chun cur, i gcásanna inarbh iomchuí, le hath-leithdháileadh tosaíochtaí straitéiseacha arna gcomhaontú i gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma agus leis na solúbthachtaí dá bhforáiltear sa chreat beartais comhtháthaithe atá ar fáil.

3. Rialáil a shimpliú agus a fheabhsú, an t-ualach riaracháin a laghdú, lena n-áirítear trí nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú agus trí dheireadh a chur le bacainní rialála i seirbhísí, chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus ar dhinimic ghnó, agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin réigiúnacha ag an am céanna. Scaipeadh na nuálaíochta a mhéadú, trí dhíriú ar thacaíocht phoiblí T&F do na cuideachtaí a bhfuil an acmhainneacht fáis is airde acu agus trí shoghluaisteacht fostaíochta oibrithe a chothú, agus rochtain ar mhaoiniú a éascú do ghnólachtaí atá ag méadú.

4. An spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh agus tríd an tionscal a dhreasú a thuilleadh chun dícharbónú a dhéanamh. Bearta a dhéanamh chun úsáid agus soláthar iompair inbhuanaithe a mhéadú agus chun dul i ngleic le brú tráchta ar bhóithre. Dlús a chur le huasghrádú an bhonneagair eangaí agus le rolladh amach an fhuinnimh in-athnuaite, trí nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú a thuilleadh, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar dhúshláin réigiúnacha, agus solúbthacht agus stóráil ó thaobh éilimh de a chur chun cinn. Fóirdheontais breosla iontaise a chéimniú amach, go háirithe sna hearnálacha iompair agus téimh, lena n-áirítear trí dhleachtanna máil a aistriú ó leictreachas chuig breoslaí iontaise. Gníomhaíocht bhreise a dhéanamh maidir le talmhaíocht inbhuanaithe trí cháilíocht an uisce a fheabhsú agus trí shil-leagan iomarcach nítrigine a laghdú.

5. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus ar mímheaitseálacha scileanna. Éifeachtacht agus spriocdhíriú beartas gníomhach maidir leis an margadh saothair a neartú chun grúpaí faoi mhíbhuntáiste a chomhtháthú a thuilleadh i margadh an tsaothair agus chun aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí réigiúnacha. Feidhmíocht agus cothromas na gcóras oideachais agus oiliúna a fheabhsú agus a n-ábharthacht don mhargadh saothair a fheabhsú, go háirithe i réimsí TFC agus ETIM. Leanúint d’athchóirithe a dhéanamh chun gairm na múinteoireachta a neartú trí chonairí gairme agus oiliúint níos solúbtha agus níos tarraingtí a fhorbairt do mhúinteoirí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*